# Úsáidfear eilimintí de cháilíocht táirge agus príomhghnéithe de cháilíocht próisis chun Staitisticí Oifigiúla á meas

## Cáilíocht Táirge:

Luaitear sé chinn de chomhbhaill de ghnáth i ndáil le cáilíocht táirge sa Chóras Staidrimh Eorpach. Mínítear sin, mar shampla, sa Lámhleabhar ar Mhodheolaíochtaí agus Uirlisí chun Cáilíocht Sonraí a Mheas. Déantar cur-síos gairid orthu anseo thíos. Pléifear na heilimintí seo i dtuairiscí cáilíochta le haghaidh staitisticí oifigiúla agus i bpróisis mheasúnaithe ar bith a dhéantar araon.

**Ábharthacht**

Is é is ábharthacht ann ná an méid ina gcomhlíonann staitisticí riachtanais reatha agus riachtanais úsáideora ionchasaigh. Is é atá i gceist ná cé acu an dtáirgtear nó nach dtáirgtear na staitisticí go léir atá ag teastáil agus an méid ina léiríonn coincheapanna (sainmhínithe, ranguithe srl.) riachtanais na n-úsáideoirí.

**Cruinneas**

Is é an ghnáthbhrí i gcúrsaí staidrimh atá le cruinneas ná cóngaracht ríomhuithe nó meastachán do na fíorluachanna iarbhír (nach bhfuil eolas orthu uaireanta). Beidh earráidí samplála (earráidí a tharlaíonn de bharr gur ar shampla a fhéachtar seachas ar an bpobal iomlán) chomh maith le hearráidí nach iad (earráidí ar bith a d’fhéadfadh tarlú de bharr aon chúise eile seachas sampláil) tionchar a imirt ar staitisticí atá bunaithe ar suirbhé. B’fhéidir nach bhfuil earráid samplála i gceist i gcás foinsí sonraí riaracháin má chlúdaíonn an fhoinse an pobal iomlán lena mbaineann ach mar sin féin d’fhéadfadh earráid nach earráid samplála í tarlú mar thoradh ar phróiseáil sonraí srl.

**Tráthúlacht agus poncúlacht**

Léiríonn tráthúlacht na faisnéise an méid ama atá idir an fhaisnéis a bheith ar fáil agus an teagmhas nó an feiniméan a ndéanann sí cur-síos air. Is é atá i gceist le poncúlacht ná an méid ama atá idir dáta eisiúna na sonraí agus an spriocdháta ar chóir iad a bheith sheachadta, mar shampla, i ndáil leis na dátaí a fógraíodh i bhféilire eisiúna éigin, an méid atá leagtha síos i rialacháin nó atá comhaontaithe idir comhpháirtithe roimhe ré.

**Inchomparáideacht**

Is é is aidhm d’inchomparáideacht ná an tionchar atá ag difríochtaí i gcoincheapanna staitistiúla feidhmeacha agus in uirlisí/nósanna imeachta a thomhas nuair a chuirtear staitisticí i gcomparáid idir limistéir gheografacha, idir fearainn neamh-gheografacha nó thar am. Tá trí phríomhmhodh ina bpléitear le hinchomparáideacht staitisticí de ghnáth: inchomparáideacht thar am, idir limistéir gheografacha agus thar meastacháin a phléann le féiniméin chosúla.

**Comhtháiteacht**

Is é is comhtháiteacht staitisticí ann ná gur féidir iad a chomhcheangal ar shlite éagsúla i gcomhair úsáidí éagsúla. Más as foinsí difriúla a thagann sonraí, mar shampla as dhá fhoinse sonraí nó as dhá shuirbhé riaracháin difriúla, is dócha nach mbíonn staitisticí go hiomlán comhtháiteach sa mhéid go bhfuil siad bunaithe ar chuir chuige dhifriúla, ar ranguithe difriúla agus ar chaighdeáin mhodheolaíochta dhifriúla bíodh is go ndéanann siad, ó thaobh teoirice de, an feiniméan céanna nó feiniméin a bhfuil dlúth-ghaol eatarthu a thomhas.

**Inrochtaineacht agus Soiléire**

Is é atá i gceist le hinrochtaineacht ná na coinníollacha fisiciúla ina bhfuil ar chumas úsáideoirí sonraí a fháil: cén áit a dtéann siad, conas a ordaíonn siad iad, am seachada, beartas soiléir praghsála, coinníollachta margaíochta áisiúla (cóipcheart, srl.), micrea-shonraí nó macra-shonraí a bheith ar fáil, formáidí éagsúla (páipéar, comhaid, CD-ROM, Idirlíon srl.) srl. Is é atá i gceist le soiléire ná timpeallacht faisnéise na sonraí, cé acu an bhfuil nó nach bhfuil doiciméadú agus meiteashonraí cuí ag teacht leis na sonraí, chomh maith le léaráidí ar nós graf agus léarscáileanna, cé acu an bhfuil nó nach bhfuil eolas ar fáil ar a gcáilíocht (teorannú maidir le húsáid san áireamh, srl) agus an méid ina bhfuil cúnamh breise á chur ar fáil ag an táirgeoir.

**Cáilíocht Próisis:**

Is é atá i gceist le cáilíocht próisis ná rialú éifeachtúil an phróisis ina dtáirgtear staitisticí oifigiúla. Cabhraíonn dearialú próiseas linn a chinntiú go mbeidh sonraí ardcháilíochta againn. Chun críocha Cód Cleachtais Chóras Staidrimh na hÉireann mínítear príomhghnéithe na cáilíochta próisis a phléifear i measúnuithe cáilíochta anseo thíos:

**Soiléire próisis**

Is é atá i gceist leis seo ná soiléire an phróisis chun staitisticí a tháirgeadh de réir mar atá cruthaithe trí doiciméid a bheith ar fáil a dhéanann cur-síos ar an bpróiseas.

**In-atrialltacht próisis**

Is é atá i gceist leis seo ná an méid ina bhfuil córais agus doiciméid ann chun próiseas a atriall.

**Monatóireacht próisis**

Is é atá i gceist leis seo ná córas bainistithe agus meadarachtaí a bheith ann a chuireann ar ár gcumas monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht próisis.

**Measúnú agus athbhreithniú próiseas**

Is é atá i gceist leis seo ná córas measúnaithe agus athbhreithnithe próisis agus aschur a bheith ann nó gan a bheith ann. Tá córais dá leithéid tábhachtach d’fhonn a chinntiú go bhfeabhsaítear feidhmíocht próisis agus, dá thoradh sin, cáilíocht sonraí, i rith ama.